Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**12062/26**

**AG 125**
**INST 300**
**SOC 510**
**FREMP 260**
**SUSTDEV 64**
**FISC 267**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 4960 final |
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN an 17.7.2026 maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'An Ceart chun Tithíochta! Anois agus Choíche' de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 4960 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 4960 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.7.2026
C(2026) 4960 final

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN

**an 17.7.2026**

**maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'An Ceart chun Tithíochta! Anois agus Choíche' de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN**

**an 17.7.2026**

**maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'An Ceart chun Tithíochta! Anois agus Choíche' de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh[1], agus go háirithe Airteagal 6(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 23 Aibreán 2026 cuireadh iarraidh ar chlárú tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'An Ceart chun Tithíochta! Anois agus Choíche' faoi bhráid an Choimisiúin.

(2) Maidir leis an iarraidh ar chlárú a cuireadh isteach an 23 Aibreán 2026, chuir an Coimisiún in iúl don ghrúpa d'eagraithe, trí litir dar dáta an 26 Bealtaine 2026 (C(2026) 3498 final), agus de bhun Airteagal 6(4) de Rialachán (AE) 2019/788, gur comhlíonadh na ceanglais maidir le clárú a leagtar amach in Airteagal 6(3), an chéad fhomhír, pointí (a), (d) agus (e), den Rialachán sin agus nach raibh Airteagal 6(3), an chéad fhomhír, pointe (b), de infheidhme. Mhínigh an Coimisiún freisin, áfach, nár chomhlíon codanna den tionscnamh an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 6(3), an chéad fhomhír, pointe (c), de Rialachán (AE) 2019/788.

(3) Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún na heagraithe ar an eolas de bhun Airteagal 6(4), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2019/788 go bhféadfaidís an tionscnamh a leasú chun measúnú an Choimisiúin a chur san áireamh, nó an tionscnamh tosaigh a choimeád ar bun, nó a tharraingt siar, i gcomhréir le hAirteagal 6(4), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2019/788.

(4) An 22 Meitheamh 2026, chuir an grúpa d'eagraithe tionscnamh leasaithe isteach.

(5) Is é is aidhm don tionscnamh leasaithe, mar a chuir na heagraithe in iúl é, éileamh a dhéanamh ar 'rochtain ar thithíocht atá inacmhainne, inbhuanaithe agus cothrom'. Iarrann na heagraithe na naoi mbeart seo a leanas: (i) 'Cíosanna gearrthéarmacha agus folúntais a rialáil'; (ii) 'Foirgnimh fholmha, mar atá tithe agus oifigí folmha, a iompú ina dtithíocht'; (iii) 'Dreasachtaí agus ceadanna tapa a chruthú chun gurb é an t-athchóiriú an chéad rogha'; (iv) 'A chinntiú go bhfreastalaíonn airgead poiblí ar dhaoine agus ní ar an amhantraíocht'; (v) 'Rialacha fioscacha a athchóiriú ionas gur

[1] IO L 130, 17.5.2019, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/788/oj

féidir le rialtais níos mó infheistíochta a dhéanamh sa tithíocht'; (vi) 'Ciste tithíochta de chuid an Aontais a chruthú'; (vii) 'Caighdeáin infhorfheidhmithe a leagan síos chun tithíocht a choinneáil inacmhainne agus inbhuanaithe'; (viii) 'Daoine a choinneáil ina dtithe le linn athchóiriú atá á mhaoiniú ag an Aontas'; (ix) 'Gníomhaireacht Tithíochta de chuid an Aontais a bhunú chun rialú trédhearcach a dhéanamh'. In iarscríbhinn a ghabhann leis an tionscnamh leasaithe, tugtar tuilleadh sonraí maidir lena chúlra, leis an ábhar atá ann agus leis na cuspóirí a bhaineann leis. Chuir na heagraithe doiciméad breise isteach ina bhfuil togra dlíthiúil, mar chuid dá n-iarraidh ar chlárú.

(6) Measann an Coimisiún, maidir le bearta (i), (ii), (iv) agus (ix), nach féidir a chur as an áireamh ag an gcéim seo, ar bhonn Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), go bhféadfadh an Coimisiún bearta a mholadh maidir leis na nithe seo a leanas: cíosanna gearrthéarmacha agus folúntais a rialáil; tithíocht a dhéanamh d'fhoirgnimh nach n-úsáidtear; gníomhú i gcoinne na hamhantraíochta; Gníomhaireacht Tithíochta de chuid an Aontais a bhunú.

(7) Maidir le bearta (v) agus (vi), ní féidir a chur as an áireamh ag an gcéim seo go bhféadfadh an Coimisiún a mholadh go ndéanfaí rialacha fioscacha a athchóiriú agus ciste tithíochta de chuid an Aontais a chruthú, ar bhonn Airteagail 113 agus 115 CFAE agus Airteagail 174 agus 175 CFAE.

(8) Maidir le beart (iii), ní féidir a chur as an áireamh ag an gcéim seo go bhféadfadh an Coimisiún bearta a mholadh a bhaineann le gnéithe áirithe de dheonú ceadanna pleanála, ar bhonn Airteagail 192 agus 194 CFAE.

(9) Maidir le beart (vii), ní féidir a chur as an áireamh ag an gcéim seo go bhféadfadh an Coimisiún bearta a mholadh chun caighdeáin infhorfheidhmithe a leagan síos chun tithíocht a choinneáil inacmhainne, ar bhonn Airteagail 64 agus 114 CFAE.

(10) Ar deireadh, maidir le beart (viii), ní féidir a chur as an áireamh ag an gcéim seo go bhféadfadh an Coimisiún leasuithe spriocdhírithe a thabhairt isteach ar ionstraimí cistiúcháin sonracha de chuid an Aontais chun tionóntaí a chosaint ar easáitiú, ar bhonn Airteagail 175, 177, 178 agus 322 CFAE.

(11) Ar na cúiseanna sin, measann an Coimisiún nach bhfuil aon chuid den tionscnamh ann ar follas nach dtagann sí faoi chreat chumhachtaí an Choimisiúin togra a thíolacadh le haghaidh gníomh dlí de chuid an Aontais chun na Conarthaí a chur chun feidhme.

(12) Is conclúid é sin nach ndéanann difear don mheasúnú ar cé acu a chomhlíonfaí nó nach gcomhlíonfaí, sa chás seo, na coinníollacha coincréiteacha substainteacha ba ghá chun go ngníomhódh an Coimisiún, coinníollacha lena n-áirítear comhlíonadh phrionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta, sin agus comhoiriúnacht do chearta bunúsacha.

(13) Tá fianaise iomchuí curtha ar fáil ag an ngrúpa d'eagraithe go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 5(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2019/788, agus go bhfuil na daoine teagmhála ainmnithe aige i gcomhréir le hAirteagal 5(3), an chéad fhomhír, den Rialachán sin.

(14) Ní tionscnamh é ar follas é a bheith míchuí, suaibhreosach ná cráiteach, ná ní follas go bhfuil sé contrártha do luachanna an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach iad ná do na cearta a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(15) Dá bhrí sin, ba cheart an tionscnamh dar teideal ‘An Ceart chun Tithíochta! Anois agus Choíche’ a chlárú.

(16) An chonclúid go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le clárú faoi Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2019/788, ní thugann sí le tuiscint go ndearbhaíonn an Coimisiún ar bhealach ar bith go bhfuil inneachar an tionscnaimh cruinn fíorasach, agus is iad an grúpa d’eagraithe atá i mbun an tionscnaimh, agus iadsan amháin, atá freagrach as an méid sin. Ní chuireann inneachar an tionscnaimh in iúl ach tuairimí an ghrúpa d’eagraithe, agus ní féidir a dhéanamh amach ar aon bhealach gurb iad tuairimí an Choimisiúin a léiríonn sé,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Clárófar an tionscnamh dar teideal ‘An Ceart chun Tithíochta! Anois agus Choíche’.

*Airteagal 2*

Tá an Cinneadh seo dírithe ar an ngrúpa d’eagraithe atá i mbun an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal ‘An Ceart chun Tithíochta! Anois agus Choíche’, grúpa a bhfuil Josiane SCHMIDT agus Francesca Romana D’ANTUONO ag gníomhú mar theagmhálaithe thar a cheann.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17.7.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*Maroš ŠEFČOVIČ*
*Comhalta den Choimisiún*